- c. Réimeas cheart shóisialta a chur ar bun sa Phoblacht bunaithe ar phrionsabail shóisialacha poblachtánacha Éireannacha de réir Fhorógra na Poblachta 1916 agus Chlár Daonlathach na Chéad Dála 1919 agus trí dháileadh cóir agus smacht éifeachtúil ar shaibhreas agus acmhainn an náisiúin, agus córas rialtais a bhunú a fhóireann do riachtanais ar leith an phobail.
- d. Cur chun cinn athbheochan teanga agus cultúr na hÉireann agus eolas forleathan ar stair na hÉireann; bród agus aitheantas a chothú i measc mhuintir na hÉireann ar a n-oidhreacht thraidisiúnta agus chultúrtha; agus oideachas a thabhairt do shaoránaigh na poblachta ar a gcearta agus ar a gcúraimí mar shaoránaigh.

MODHANNA

- a. Cuirfidh Sinn Féin eagar ar mhuintir na hÉireann le go ndéanfar gluaiseacht aontaithe riailbhéasach díobh a athbhunóidh an Phoblacht agus a chuirfidh na hídéil thuasluaite i bhfeidhm.
- b. Cabhróidh Sinn Féin, faoi stiúir na hArd Chomhairle, leis na heagraíochtaí uilig atá ag obair ar son na gcuspóirí céanna.

1. BALLRAÍOCHT

a. Ní féidir le duine bheith ina bhall den eagraíocht, diomaite de fho-bhallraíocht, mura bhfuil siad ina bhall de Chumann.

Is féidir le duine ar bith bheith ina bhall ach é bheith os cionn 16 bliana d'aois, cuma fá chineál, aicme, ná creideamh atá sásta glacadh le bunreacht agus le beartas Shinn Féin; atá sásta obair a

dhéanamh le go gcuirfeadh a chuid cuspóirí i gcrích, agus a ghlacann leis na rialacha a bhaineas le ballraíocht, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

b. Níl ballraíocht ar fáil do dhuine ar bith atá ina bhall d'eagraíocht pháirtí polaitíochta nó atá i bhfách le, nó a thacaíonn le, hiarrthóireacht daoine a bhfuil sé de rún acu, má thoghtar iad, páirt a ghlacadh in imeachtaí Pharlaimint Westminster, nó atá i bhfách le, nó a thacaíonn le, hiarrthóireacht daoine a shíníonn cáipéis ar bith, nó a thugann le fios ar dhóigh ar bith, go nglacfaidh siad lena suíocháin san institiúid sin.

c. Níl ballraíocht ar fáil do dhuine ar bith atá ina bhall de chumann rúnda ar bith, agus ní cheadófar ballraíocht do dhuine ar bith atá aitheanta mar bhall de chumann rúnda.

d. Tá sé de chead ag coiste Cumainn ar bith diúltiú de dhuine ar bith atá ag iarraidh ballraíochta a chlárú.

e. Tá sé ar chumas na hArd Chomhairle ballraíocht a dhiúltú do dhuine ar bith atá á iarraidh agus duine ar bith a dhíbirt as an eagraíocht. Sula ndíbrítear é, áfach, caithfear deis a thabhairt don bhall le go gcluinfear é a chosaint féin.

f. Níl ballraíocht ar fáil do chomhalta ar bith de chuid fhórsaí armtha na Breataine.

g. Níl ballraíocht ar fáil do dhuine ar bith a bhfuil móid dhílseachta tugtha aca do Pharlaimint Westminster fad a fhanann siad san oifig nó cibé post a bhaineann leis an mhóid, nó go dtí go séanann siad í i modh scríofa chuig a Cumann.

h. Caithfidh Sinn Féin cead a fháil ón Ard Chomhairle sula mbaineann sé leis na cúirteanna.

i. Caithfidh baill úra tréimhse phromhaidh trí mhí a chur isteach. Ní bheidh ceart vótála ag baill ar promhadh i gcúrsaí a bhaineas le, nó a théas i bhfeidhm ar, gnóthaí inmheánacha na heagraíochta ach amháin i dtoghadh oifigeach do Chumann nó do Chomhairle Ceantair nuabhunaithe.

2. FO-BHALLRAÍOCHT

Níl fo-bhallraíocht ar fáil ach amháin le cead Chomhairle Ceantair, agus é daingnithe ag an Ard Chomhairle, agus caithfear táille £5 in aghaidh na bliana a íoc. Beidh fo-bhaill freagracht don Ard Chomhairle maidir le cloí le bunreacht agus rialacha na heagraíochta.

BUNREACHT AGUS RIALACHA

- a. Tá fo-bhallraíocht ar fáil fríd Chumann cláraithe ar bith ach £5 a íoc a chuirfear ar aghaidh chuig an Ard Oifig.
- b. Caithfidh fo-bhall cloí le rialacha na heagraíochta.
- c. Coinneoidh Cumann rolla dá chuid fo-bhall a bhéas ar fáil, má iarrtar é, do bord oifigigh an Chomhairle Ceantair, nó an Chomhairle Cúige, nó d'aon ball don Ard Chomhairle.
- d. Beidh sé de cheart ag Cumann fo-bhall a chur amach as an eagraíocht mura bhfuil an fo-bhall inghlactha dó.
- e. Ní bheidh sé de cheart ag fo-bhall vótála ná post oifigigh ar bith a ghlacadh laistigh den eagraíocht.
- f. Beidh sé de cheart ag bord oifigigh an Chumainn cruinniú ginearálta de na baill uilig, fo-bhaill san áireamh, a ghairm má tá sé riachtanach do chur chun cinn na heagraíochta.
- g. Cuirfidh fo-bhaill dea-thoil an phoblachtánachas chun cinn sa cheantar áitiúil.
- h. Is féidir le fo-bhall bheith páirteach i ngníomhaíochtaí de chuid Shinn Féin ar bhonn ranna áitiúla atá fá chúram ranna náisiúnta fríd ceannasaithe chomhairlí Ceantair (m.s. d'fhéadfadh fo-bhall bheith páirteach fríd bhallraíocht an cheardChumainn áitiúil, ranna na mban, na hóige, an oideachais, an chultúir, na poiblíochta srl.)

3. TOGHCHÁIN

Beidh gach toghchán agus gach comhthoghadh ar fud na heagraíochta ar bhonn ballóide, agus ar bhonn onórach a bheas na postanna uilig atá á lua sna rialacha seo. Ach amháin nuair is Cumann nua atá i gceist ní bheidh cead ag ball atá ar promhadh bheith ina oifigeach, ná ní féidir é a thoghadh nó a chomhthoghadh ar choiste feidhmiúcháin ar bith de chuid na heagraíochta.

4. COMHTHOGHADH

Ní féidir ach ball den eagraíocht a chomhthoghadh i bpost ar bith. Mura bhfuil tréimhse promhadh curtha isteach go hiomlán ag ball ar bith caithfear cead dearfa a fháil ón Ard Chomhairle sular féidir iad a chomhthoghadh. Tá sé indéanta daoine nach bhfuil ina mbaill a bheith ar choistí nó fo-choistí i gcúinsí ar leith ach níl a leithéid de choistí agus fo-choistí ina gcuid den eagraíocht agus níl sé de chead acu gníomhú mar sin.

5. IARRTHÓIRÍ TOGHCHÁIN

Caithfidh iarrthóirí Shinn Féin i dtoghcháin Pharlaimint Westminster, ar rognáíodh iad agus roimh a ainmniúchán, gealltanais a leanas a ghlacadh go sollúnta agus go poiblí:

Dearbhaím,, go saor agus go sollúnta:

a. Má thoghtar mé nach mbeidh baint nó páirt agam le Parlaimint Westminster.

b. Go gcloífidh mé ar fad le treoracha ar bith dá bhfaighim ó Ard Chomhairle Shinn Féin maidir le mo phost mar ionadaí parlaiminte an fad nach bhfuil parlaimint Phoblacht na hÉireann ag feidhmiú.

c. Go n-éireoidh mé as an suíochán do thoghlaigh am ar bith a ghlaitear orm é a dhéanamh ag tromlach na mball d'Ard Chomhairle Shinn Féin an fad nach bhfuil parlaimint Phoblacht na hÉireann ag feidhmiú.

d. Tugaim an gealltanais seo de thoil dheonach.

Go nglacann iarrthóirí uilig Shinn Féin móid 5b, 5c agus 5d.

6. Caithfidh an Ard Chomhairle gach iarrthóir roghnaithe le seasamh i dtoghcháin a dhaingniú.

Maidir le toghcháin parlaiminte de, caithfidh coiste cúigir, curtha ar bun ag an ArdChomhairle, agallaimh a chur ar na hiarrthóirí uilig sula ndaingnítear iad ag an Ard Chomhairle.

7. Ní féidir le duine ar bith nach raibh ina bhall den eagraíocht ar feadh 12 mhí ar a laghad sular ainmníodh é bheith tofa mar oifigeach nó mar chomhalta den Ard Chomhairle. Tá sé indéanta ag an Ard Chomhairle baill a chomhthoghadh, má tá gá leis, ar chuntar go bhfuil 12 mhí curtha isteach acu mar bhaill.

8. Níl bunreacht Shinn Féin atá thuasluaite inathraithe ach amháin fríd Ard Fheis, a bhfuil fógra den athrú nó den leasú tugtha ar a chlár. Caithfidh dhá dtrian de na hionadaithe tofa ar a laghad atá i láthair ag an Ard Fheis tacú le hathrú nó le leasú ar bith sula gcuirtear i bhfeidhm é.

Rialacha

ARD FHEIS

9. BALLRAÍOCHT

Is é an Ard Fheis an Chomhairle stiúrtha reachtach is ardcheannasaí a thionólfar ag an Ard Chomhairle go blaintúil agus is iad a bheas ann ná:

- a. Oifigigh agus comhaltaí na hArd Chomhairle.
 - b. Beirt teachta ó achan Chomhairle Cúige.
 - c. Beirt teachta ó achan Chomhairle Ceantair.
 - d. Beirt teachta ó achan Chumann a bhfuil 20 ball nó níos lú ann. Triúr teachta ó achan Chumann a bhfuil idir 21 agus 50 ball ann.
10. Tá sé de cheart ag ionadaí tofa atá ina mbaill den eagraíocht a bheith i láthair agus labhairt ag an Ard Fheis; ach gan cead vótála acu mura bhfuil siad ann i bhfeidhm (a), (b) nó (c) thuasluaite.

11. CRUINNITHE

- a. Socróidh an Ard Chomhairle cén uair agus cá háit a mbeidh an cruinniú bliantúil den Ard Fheis agus fogrófar é deich seachtain roimh ré.
- b. Toghfaidh an Ard Fheis a cathaoirleach féin ó na dteachtaí atá i láthair ag a hoscailt.
- c. Caithfidh na hOrduithe Seasta bheith daingnithe ag tromlach dhá dtrian ag oscailt gach Ard Fheis agus ní féidir na hOrduithe Seasta a chur ar fionraí ach le tromlach dhá dtrian.
- d. Cuirfear eagrú na hArd Fheise faoi chúram coiste a ainmneoidh an Ard Chomhairle agus a thionólfaidh an Ard Rúnaí agus a thiocfaidh le chéile go rialta i rith na bliana; is é Coiste na hArd Fheise is teideal don choiste.

12. TEORAINNEACHA

- a. Caithfear na rúin uilig a chur i láthair in ainm na hArd Chomhairle, Comhairle Cúige, Comhairle Ceantair nó Cumainn.
- b. Tá sé de cheart ag Coiste na hArd Fheise, atá ainmnithe ag an Ard Chomhairle, rúin a cumascadh do Chlár na hArd Fheise.
- c. Seolfar cóip don rún cumascaithe chuig an Chumann a chum é le

deimhin a dhéanamh de go bhfuil an sprid agus an chiall cheart pholaitíochta ann mar a bhí ar intinn ag an Chumann.

d. Caithfear na rúin a chur i láthair 16 seachtain ar a laghad roimh an Ard Fheis ionas deis a thabhairt do Choiste na hArd Fheise an Clár a ullmhú.

13. AINMNIÚCHÁIN

a. Caithfidh na hainmniúcháin bheith istigh 28 lá ar a laghad roimh an Ard Fheis agus caithfidh siad seasamh in ainm Cumainn, Comhairle Ceantair nó Comhairle Cúige.

b. Ní féidir le baill ar bith a ghlac le hainmniúcháin mar oifigigh ná mar chomhaltaí den Ard Chomhairle a n-ainmneacha a aistarraingt ar lá an toghcháin.

14. TEACHTAÍ

Caithfidh na teachtaí bheith roghnaithe agus a n-ainmneacha curtha ar aghaidh chuig an Ard Oifig 28 lá ar a laghad roimh an Ard Fheis. Caithfidh siad bheith ina mbaill reatha de cibé chuid den eagrais a bhfuil ionadaíocht á dhéanamh acu air.

15. IONADAITHE

Nuair a bhíonn cúis ar leith ag teachtaí (tinneas, ms) gan a ndualgaisí a chomhlíonadh bíonn sé ceadaithe ionadaí eile a chur ina n-áit de réir bhreithiúnas na hArd Chomhairle, ach is éigean iad a bheith roghnaithe roimh ré ag cruinniú ceart-tionólta den chuid den eagrais atá i gceist.

16. FOIRM TOILTEANAS

a. Caithfidh na foirmeacha ainmniúcháin a bheith curtha chuig gach Cumann cúig seachtain ar a laghad roimh an dáta deiridh atá socraithe do ainmniúchán. Socróidh an Ard Chomhairle ar dháta áirithe fána gcaithfidh an t-aontú sínithe bheith curtha ar ais chuig an Ard Oifig.

b. Solathrófar liosta díofa siúd a thoiligh seasamh sna toghcháin don bhord oifigigh agus don Ard Chomhairle do ghach Cumann.

17. AN CHLÁR

Caithfear an Clár a chur chuig gach Cumann agus gach Comhairle Ceantair 14 lá roimh ré ar a laghad.

BUNREACTH AGUS RIALACHA

18. CÁRTA IONTRÁLA

Caithfear cárta do chead isteach a chur chuig gach teachta seacht lá roimh ré ar a laghad.

19. ARD FHEIS NEAMHGHNÁCH

Is féidir Ard Fheis, neamhghnách a ghairm, nuair a bhíonn cúis ar leith fána choinne, atá curtha síos ar ordú a cheadaítear ag:

a. Dhá dtrian de bhailríocht uilig an Ard Chomhairle atá ar fáil; nó

b. Trian de na Cumainn a bhfuil seasamh sé mhí ar a laghad fúthu.

20.

a. Caithfear fógra seacht lá a thabhairt do na rúnaithe uilig a chuirfidh gairm orthu siúd atá fána gcúram a luaithe a fhaigheann siad an fógra le teachtaí a roghnú don Ard Fheis neamhghnách.

b. Roghnófar Ard Chomhairle úr ag an Ard Fheis neamhghnách, cibé áit a bhfuil sé.

ARD CHOMHAIRLE

21. Nuair nach bhfuil an Ard Fheis ina suí, is é an Ard Chomhairle, ar a bhfuil leas-uachtarán onórach, na hoifigigh; an t-uachtarán; leas-uachtarán amháin; ard rúnaí oinigh; beirt chisteoir oinigh; oifigeach poiblíochta; cathaoirleach páirtí (a bhfuil riailbhéas an pháirtí fána chúram) agus 9 ball eile. Is iad vótaí na dteachtaí uilig ag an Ard Fheis a thoghfaidh na hoifigigh agus an 9 ball. Beidh se de chumhacht ag an Ard Chomhairle ball de chuid Sinn Féin atá tar éis a shaol (a saol) uilig a chaitheamh ar mhaithe leis an idéal poblachtánach a ainmniú mar leas-uachtarán onórach.

Beidh sé i gcumas na hArd Chomhairle ochtar ball a chomhthoghadh do phostanna ar leith agus tuilleadh más gá le deimhin a dhéanamh de go mbeidh 30% ar a laghad den Ard Chomhairle ina mná. Córam a bheas ann nuair atá duine amháin de bhreis ar thrían den bhallraíocht i láthair.

22. COISTE SEASTA

Toghfaidh an Ard Chomhairle agus an cathaoirleach ó ghach

Comhairle Cúige Coiste Seasta óna líon a bhfuil ochtar air a thiocfas le chéile go tráthrialta agus a mbeidh cumhacht iomlán aige gnó coitianta a riar idir cruinnithe den Ard Chomhairle. Cúigear ball a dhéanfas córam. Is féidir le bord oifigigh na hArd Chomhairle freastal ar chruinnithe uilig an Choiste Sheasta. Cuirfidh an Coiste Seasta tuairiscí dá chruinnithe chuig an Ard Chomhairle.

23.

a. Toghfaidh an Ard Chomhairle beirt iontaobhaí náisiúnta do chiste na heagraíochta.

b. Beidh an t-airgead ar fad a fhaigheann siad nó a chuireann na cisteoirí isteach ina gcuntas, ar le Sinn Féin é, faoi chúram na n-iontaobhaithe náisiúnta. Cuirfidh siad airgead na heagraíochta ar fáil do na cisteoirí de réir threoir na hArd Chomhairle ó am go chéile agus solathróidh siad eolas ar bith don Ard Chomhairle i dtaca le ciste na heagraíochta atá de dhíth uirthi.

c. Beidh ar na cisteoirí náisiúnta cuntais chearta a choinneáil ar an airgead ar fad a ghlactar isteach agus a thugtar amach. Cuirfidh siad an t-airgead ar fad a fhaightear isteach i gcuntas na n-iontabhaithe náisiúnta agus cuirfidh siad in iúl dóibh é dá réir. Cuirfidh siad cuntais mhíosúla i láthair na hArd Chomhairle, ag léiriú sonraí an airgid a fhaightear isteach agus a thugtar amach.

d. Déanfar cuntais na n-iontaobhaithe náisiúnta agus na gcisteoirí náisiúnta a iniúchadh ag iniúcháir aitheanta nó ag comhlacht iniúcháirí. Cuirfear tuairisc na n-iniúcháirí i láthair na hArd Chomhairle dhá sheachtain ar a laghad roimh an Ard Fheis bhliantúil, áit a gcuirfear i láthair arís é.

24. CUMHACHTAÍ

a. Nuair nach bhfuil an Ard Fheis i seisiún, is í an Ard Chomhairle a bheas i mbun na heagraíochta ó thaobh stiúrtha agus rialaithe de faoi réir orduithe tugtha ag an Ard Fheis.

b. Beidh cumhachtaí, feidhmeanna, agus dualgaisí uilig na hArd Fheise ag an Ard Chomhairle agus cuirfidh sí i bhfeidhm iad thar ceann na hArd Fheise, agus beidh ar gach ball géilleadh do shocruithe na hArd Chomhairle. I measc na gcumachtaí, srl, seo beidh:

(i) An chumhacht le coiste, srl, is lú céime, nó ball ar bith, a

scor nó a chur ar fionraí ón eagraíocht i ngeall ar neamhéifeacht, faillí nó mífhóirsteanach i gcoitinne. Sula scorfaí ball, áfach, chaithfí deis a thabhairt dó le go gcluinfi a chosaint. Mura ndéantar é a athnuachan tar éis sé mhí ní bheidh éifeacht a thuilleadh leis an fhionraíocht. Is féidir leis an Ard Chomhairle, agus tromlach dhá dtrian i bhfách leis, ball ar bith a chur ar fionraí roimh chruinniú ceart-tionólta atá gairmthe ar an chúis sin agus ionadaí a thabhairt isteach. Beidh ceart achomhairc ag an bhall fhionraithe os comhair cúirt fhiosrucháin neamhspleách.

(ii) An ceart ballraíocht a dhiúltú do Chumann ar bith.

(iii) An chumhacht le coiste a bhunú i gceantar ar bith ar chúis ar leith.

(iv) An chumhacht le Dáil Ceantar a bhunú i gceantar ar bith a bhfuil riachtanas leis.

(v) An chumhacht le Comhairlí Cúige a bhunú.

(vi) Áit atá líomhain de ciapadh gnéasach nó ionsaí gnéasach déanta, ní mór dona líomhain bheith curtha díreach faoi bhráid an Ard Chomhairle.

25. *FOLÚNTAIS*

Is féidir leis an Ard Chomhairle gnáthfholúntas uirthi féin a líonadh go sealadach ach amháin nuair is teachta Chomhairle Cúige atá i gcesit, áit a líonfaidh an Chomhairle Cúige féin an folúntas.

26. Cruinneoidh an Ard Chomhairle le chéile fá chéile fá cheann seachtaine ó dháta na hArd Fheise; ina dhiaidh sin beidh cruinniú míosúil ann ar a laghad. Beidh cruinnithe speisialta ann ar chomhairle an uachtaráin, nó, agus é as láthair, ar chomhairle an leas-uachtaráin, nó ar iarratas ó thromlach na mball. Scorfar den Ard Chomhairle ball ar bith a chailleann trí chruinniú as a chéile mura bhfuil leithscéal fiúntach aige/aici.

27. Caithfidh na cúiseanna uilig atá curtha i leith baill den Ard Chomhairle a bheith scríofa agus sínithe; gheobhaidh an ball atá i gceist cóip scríofa den chúis agus fógairt a bheith i láthair ag an chéad chruinniú eile den Ard Chomhairle chun an chúis a fhreagairt.

COMHAIRLE CÚIGE

28.

a. Is féidir leis an Ard Chomhairle i gcomhairle leis an bhallraíocht áitiúil, Comhairle Cúigi a bhunú.

b. Bunófar Comhairle Cúigi ar bhonn teorainneacha réigiúin an Aontas Eorapach.

c. Beidh cruinniú bliantúil ann fá cheann míosa den Ard Fheis. Beidh na hoifigighatá ag imeacht agus trí ionadaí an Ard Chomhairle agus dhá theachta ó achan Cumann agus Comhairle Ceantair i láthair agus toghfaidh siad Bord Oifigeach agus socróidh siad beartas don bhliain dár gcionn.

d. Is iad comhaltaí an Chomhairle Cúige ná cathaoirleach, leas-cathaoirleach, rúnaí, cisteoir, oifigeach oideachais, OCP (a oibreoidh i bhfeidhm leas-chathaoirleach), oifigeach óige, cathaoirligh agus rúnaí Comhairlí Ceantair uilig an dúiche. Beidh ball reatha den Ard Chomhairle agus an t-eagraí dúiche ina mbaill de bhrí oifige.

e. Beidh cruinniú den Chomhairle Cúige ann gach mí nó in am ar bith a threoraíonn an Ard Chomhairle.

f. Folúntais. Líonfaidh an Chomhairle Cúige folúntas ar bith ar an bhord oifigeach.

g. CUMHACHTAÍ AGUS DUALGAIS

(i) Beidh an Chomhairle Cúige umhal don Ard Chomhairle ar achan ábhar.

(ii) Beidh sé i mbun na heagraíochta sa cheantair.

(iii) Cuirfidh sé ord agus eagar ar Shinn Féin agus a chuid gníomhaíochtaí laistigh dá cheantair, geobhaidh sé poiblíocht dó agus déanfaidh sé é a fhorbairt.

(iv) Beidh sé de chumas aige ciste a thógáil dó féin agus don Ard Chomhairle.

(v) Cuirfear na cruinnithe uilig in iúl den Ard Oifig agus cuirfear cóip de miontuaraisc na cruinnithe chuig an Ard Oifig fá cheann seachtaine ón cruinniú.

(iv) Beidh sé de chumas aige comhdháil a ghairm de na teachtaí ó achan Cumann sa cheantair le cur i bhfeidhm beartais Shinn Féin a phlé.

COMHAIRLÍ CEANTAIR

29. GO GINEARÁLTA

Bunófar gach Comhairle Ceantair ar dhúiche thoghchánach contae faoi mar a shainmhínítear é ó am go chéile ag an Chomhairle contae agus beidh sé i gceannas ar na Cumainn uilig sa dúiche sin; ach féadann an Ard Chomhairle an socrú seo a athrú le deacrachtaí áitiúla a shárú.

30. BALLRAÍOCHT

Is é a bheas sa Chomhairle Ceantair ná:

a. A cuid oifigeach (cathaoirleach, leas-chathaoirleach, rúnaí, cisteoir, timire, oifigeach caidrimh phoiblí, oifigeach airgeadais agus oifigeach oideachais).

b. Beirt teachta ó achan Chumann.

c. Cinn ranna uilig an Chomhairle Ceantair.

d. Is féidir le triúr teachta ó achan Chumann bheith i láthair ag an chruinniú bhliantúil den Chomhairle Ceantair.

e. Is féidir bheith páirteach i gcuid ngíomhaíochtaí Shinn Féin sna ranna áitiúla atá faoi chúram ranna náisiúnta trí chinn ranna an Chomhairle Ceantair (ms Is féidir bheith páirteach trí bhallaíocht den roinn ceardchumann áitiúil/streachailt eacnamaíochta, roinn na mban, roinn na hóige, roinn oideachais, roinn na poiblíochta, roinn an chultúir srl.)

31. CRUINNITHE

a. Beidh ar na hoifigigh atá ag imeacht agus na dteachtaí don bhliain dár gcionn teacht le chéile fá cheann míosa ón Ard Fheis bhliantúil, ach ní sula gceaptar na dteachtaí úra do na Cumainn, agus roghnóidh siad óna mballraíocht na hoifigigh don bhliain dár gcionn.

b. Ní bheidh na hiar-oifigigh de chuid an Chomhairle Ceantair atá i láthair ag an chéad chruinniú den Chomhairle Ceantair nua inroghnaithe don bhord oifigigh mura roghnaíodh iad féin iad mar teachtaí don Chomhairle Ceantair nua ag an chruinniú ghinearálta dá gCumann.

c. Ní bheidh vóta ag na oifigigh atá ag imeacht sa toghchán don bhord oifigigh nua mura teachtaí iad atá roghnaithe ag a gCumann.

d. Ní bheidh cead ag baill den bhord oifigigh atá ag imeacht bheith i

láthair ag tuilleadh cruinnithe den Chomhairle Ceantair murach go gcomhthoghtar iad de réir na rialacha nó gur teachtaí iad roghnaithe ag a gCumainn.

32. Tiocfaidh sé le chéile go rialta agus anuas ar sin, ag am ar bith ar iarratas atá sínithe ag a cathaoirleach nó ag cúigear dá bhaill. Is é a dhéanfas córam ná ceathrú dá bhallraíocht iomlán.

33. FOLÚNTAIS

Is é cibé coiste a bhí freagrach as an roghnú sa chéad áit a líonfaidh aon folúntais. Má roghnaítear teachta Cumainn ina oifigeach ar an Chomhairle Ceantair, líonfaidh an Cumann sin an folúntas.

34. CUMHACHTAÍ AGUS DUALGAIS

Bunóidh an Chomhairle Ceantair Cumainn de réir Riall 42 agus beidh sé i gceannas ar na Cumainn ina cheantair. Ceadóidh sé a gcuid tuairiscí, iniúchfaidh sé cuntais srl, agus cuirfidh siad chuig an Ard Oifig iad uair i gceann na míosa ar a laghad i dteannta le liosta na gCumann agus a mballraíocht.

35. Is féidir leis an Chomhairle Ceantair, i ndiaidh fiosrúcháin, oifigeach ar bith a chur ar fionraí nó a scor as post as ucht neamhéifeachta, faillí ná cúise fóirsteanáí eile, agus toghchán nua a ghairm. Caithfear réamheolas scríofa a thabhairt don duine atá i gceist fán am agus na téarmaí den fhiosrúchán agus beidh sé de cheart aige achomharc a iarraidh ar an Ard Chomhairle.

Is féidir leis an Chomhairle Ceantair áitiúil baill Shinn Féin a chur chun bóthair as drochiompar a tharraingíós míchlú ar an phoblachtánachas, nó ar chúis fhóirsteanach ar bith eile, agus beidh cead achomhairc acu.

Is féidir leis an Chomhairle Ceantair, i ndiaidh fiosrúcháin, Cumann ar bith a chur ar fionraí nó a scor as ucht neamhéifeachta, faillí nó cúise fóirsteanáí eile. Caithfidh an Cumann réamheolas a fháil in am agus téarmaí an fhiosrúcháin agus beidh ceart achomhairc don Ard Chomhairle aige.

36. CISTÍ

Beidh sé de chumhacht ag an Chomhairle Ceantair airgead a thógáil óna chuid Cumann nó eile, fá choinne na heagraíochta, agus cuirfidh sé tuarascálacha ráithe airgeadais chuig an Ard Chomhairle.

37. CONSPÓIDÍ

Cuirfear faoi bhraid na hArd Chomhairle conspóidí i gComhairle Ceantair, nó idir Comhairlí Ceantair, nach féidir a réiteach eatarthu siúd a bhfuil baint acu leo.

38. CRUINNITHE POIBLÍ

Caithfear dul i ggomhairle leis an Chomhairle Ceantair sula reachtáltar cruinnithe ina dúiche.

39. TOGHCHÁIN RIALTAIS ÁITIÚIL

(Tabhair fá deara: Cuirtear an rial seo ar fionraí agus ní féidir á cur i gniomh ach amháin má shocraíonn an Ard Fheis bhliantúil nó an Ard Chomhairle go rachfar san iomaíocht sna toghcháin áitiúla.)

Beidh smacht ag an Chomhairle Ceantair ar na toghcháin áitiúla uilig ina dhúiche. Tionólfaidh sí comhdháil le hiarrthóirí a roghnú de réir cibé treoracha a éisíonn an Ard Chomhairle, agus beidh cruinniú speisialta á reachtáil aici le hiarrthóirí a dhaingniú, nó eile. Caithfadh iarrthóirí an gealltanais seo a leanas a thabhairt:

Geallaim,, dílseacht iomlán do Phoblacht na hÉireann mar a fógraíodh í Luan Cásca 1916, agus a bunaíodh faoin dlí ar an 21ú lá de mhí Eanáir 1919, agus geallaim go n-oibreoidh mé ar son threascairt fhorlámhas Ghall ar Éirinn, fhuascailt iomlán sóisialta agus eacnamaíochta mhuintir na hÉireann bunaithe ar Fhorógra na Poblachta 1916, agus aitheantais idirnáisiúnta do Phoblacht na hÉireann. Geallaim ina dhiaidh sin má éiríonn liom sa toghchán d'oifig, agus má ghaireann tromlach dhá dtrian den Ard Chomhairle orm éirí as oifig, go ndéanfaidh mé amhlaidh láithreach.

40. TOGHCHÁIN DHÁIL ÉIREANN

Is féidir na rialacha a bhaineas le comhdhálacha fá choinne roghnú iarrthóirí do thoghcháin Dháil Éireann a fháil ón Ard Oifig.

Caithfidh duine bheith ina bhall ar feadh 12 mhí ar a laghad sula mbíonn sé inroghnaithe mar iarrthóir do thoghcháin parlaiminte nó rialtais áitiúil.

CUMAINN

41. *BUNÚ*

Bunófar Cumainn i gCeantair de réir mar a threoraíonn an Ard Chomhairle nó Comhairle Ceantair a bhfuil údarás aici.

42.

a. Ní bhunófar Cumann mura bhfuil cead ón Ard Chomhairle nó ó Chomhairle Ceantair údarásach maidir lena ainm, áit chruinnithe, dúiche agus baill.

b. Cumann ar bith a scaiptear nó a éiríos as agus a ba mhaith leis toiseacht arís de réir rialacha Shinn Féin, caithfidh siad tuarascáil scríofa a chur i láthair an Chomhairle Ceantair áitiúil agus an Ard Oifig ar na cúiseanna a bhain leis an scaipeadh. Ba chóir liosta den tseanbhallraíocht agus den bhallraíocht úr a sholáthar fosta.

Is éigean cead a bheith ag a leithéid de Chumann ón Ard Oifig sula dtig leis bheith bainte le Sinn Féin.

c. Pléifear leis na baill uilig de Chumann athcheangailte mar bheadh baill úra agus, mar atá i Riail 1 (i), caithfidh siad dul fríd na cúrsaí do bhaill úra agus bheith ar promhadh ar feadh sé seachtaine. Tá siad fá réir na rialacha a bhaineas le baill úra fosta, Rialacha 3, 4, 7 agus 41.

43. Ní thabharfar ainm duine bheo ar Chumann.

44. Beidh ball den eagraíocht, atá cáilithe a leithéid a dhéanamh, i mbun an chéad chruinnithe, agus is é gnó an chruinnithe ná cuid oifigeach an Chumainn a thoghadh (a fhanfas in oifig go dtí an chéad toghchán bliantúil eile), agus socruithe a dhéanamh chun go gcuirfead a tháille chomhcheangailte agus liosta a chuid oifigeach chuig Ard Oifig.

45. *BALLRAÍOCHT*

Is éigean cúigear ball ar a laghad a bheith ag Cumann. Fiche ball an líon is airde atá molta.

46. Is iad na hoifigigh a bheas ann ná cathaoirleach (ball de bhrí oifige de na coisti uilig), leas-chathaoirleach, rúnaí, beirt chisteoir, agus OCP, agus toghfar go bliantúil iad ag cruinniú speisialta, a bhfuil fógra scríofa tugtha faoi, taobh istigh de 14 lá i ndiaidh do chríochnú na hArd Fheise.

47. Toghfár teachtaí don Chomhairle Ceantair ag an chruinniú chéanna.

48. Ní bheidh cearta ar bith ag ball nó ag iarbhall i gcoinne Cumainn, nó oifigigh nó baill eile maidir le gníomh ná faillí ó thaobh leanúint na rialacha de ach amháin achomharc don Chomhairle Ceantair nó don Ard Chomhairle de réir na rialacha atá leagtha síos.

49.

a. Caithfidh moltóir agus cuiditheoir atá ina mbaill den Chumann a bheith ag iarrrthóirí ar bhallraíocht agus is éigean go n-aontaíonn tromlach na mball eile den Chumann go nglacfar leo mar bhaill phromhaidh ag cruinniú ceart-tionólta.

b. Ní bheidh tiarnaí talún a thigeas i dtír ar a chuid tionóntaí, amhantraithe nó a gcuid gníomhairí, inghlachta mar bhaill.

c. Níl iarbhail de Shinn Féin inghlachta mura gcuireann siad in iúl don Chumann agus don Chomhairle Ceantair áitiúil go raibh siad ina mbaill roimhe sin.

d. Ní féidir le Cumann glacadh le hiarbhail de Shinn Féin mar bhaill mura dtéid sé i gcomhairle a chéaduaire leis an Chumann lena raibh an duine atá i gceist ag baint agus caithfear tuairisc a thabhairt don Chomhairle Ceantair ar stádas an iarraitais.

50. Níl cead ag duine bheith ina bhall de níos mó ná Cumann amháin san am céanna. Cuirfear deiseanna aistrithe ar fáil do bhaill, a bhfuil cúiseanna cuí acu, ar mhaith leo aistriú ó Chumann amháin go Cumann eile.

51. *TÁILLE CHOMHCHEANGAIL*

Is é bliain an fhéilire a chríochnaíonn ar 30ú Nollaig bliain airgeadais na heagraíochta. Caithfidh na Cumainn a gcuid táillí comhcheangail a íoc faoi 31ú Mhárta gach bliain.

52. Scorfar den chlár Cumann ar bith nach bhfuil a tháille chomhcheangail íochta aige faoi 31ú Mhárta agus ní féidir leis athchomhcheangail ach mar Chumann úr nua.

Caithfidh Cumann as feidhm atá ag iarraidh athchomhcheangail an táille iomlán de £75 a íoc.

53. Is éigean d'achan Chumann iarracht a thabhairt ar chruinnithe a thionól go rialta, go háirithe nuair a bhíonn gnóithe le cur i gcrích. Is é cúram an rúnaí deimhin a dhéanamh de go mbíonn cruinnithe den Chumann ann nuair a fhaightear imlitir ón Ard Oifig a chur in iúl gur chóir cruinniú den Chumann bheith ann.

54. *COISTÍ*

Tiocfaidh oifigigh an Chumainn le chéile i gcoiste le machnamh a dhéanamh ar iarratais ar bhallraíocht, le caoi a chur ar abhair mhachnaimh don Chumann, nó le hobair ar leith a chur i gcrích don Chumann nuair a bhíonn gá leis.

55. Is féidir leis an Chumann coistí eile a bhunú, do chúiseanna ar leith, nuair a bhíonn gá leis, ach ba chóir go n-aithneodh achan Chumann gur cuid dá chuid oibre ná:-

a. Feiceáil chuige go gcuirtear an Ghaeilge, na cluichí agus caitheamh aimsire agus eolas ar stair agus ar chultúr na hÉireann i gcoitinne chun cinn ina cheantar, agus go mbíonn claon Gaelach ar na himeachtaí sóisialta uilig a reachtáltar fána choimirce.

b. Táirgeadh níos mó a spreagadh i bpáirceanna agus i monarchana áitiúla, idir earraí Éireannacha a chur chun cinn agus clár eacnamaíochta Shinn Féin i gcoitinne a chur i ngníomh chun go laghadófar dífhostaíocht agus eisimirce.

56. *CUMHACHTAÍ AGUS DUALGAIS*

Beidh sé de chumhacht ag Cumann:

a. Táille ballraíochta a shocrú dá chuid ball agus tuilleadh airgid a iarraidh de réir a chuid riachtanais; airgead a thógáil trí shiamsaí nó bhailiúcháin ach cead a fháil ón Chomhairle Ceantair.

b. Ball ar bith dá chuid a chur ar fionraí ná a dhíbirt ar fad agus oifigeach nó comhalta coiste ar bith a chur ar fionraí nó a scor sula mbíonn an téarma cuí curtha isteach acu ar chúiseanna córa, agus beidh ceart achomhairc don Chomhairle Ceantair agus ina dhiaidh sin don Ard Chomhairle ag an duine atá i gceist.

Ní bheidh feidhm a thuilleadh le tréimhse fionraíochta mura n-athnuaítear é tar éis sé mhí.

57. Caithfidh na cúiseanna uilig atá curtha i leith baill bheith scríofa síos agus sínithe. Gheobhaidh an ball atá i gceist cóip scríofa den chúis ón rúnaí agus fógra a bheith i láthair ag an chéad chruinniú eile den Chumann chun an chúis a fhreagairt.

58. Coinneoidh Cumann, in áit fhíorshábháilte, rolla dá chuid ball, leabhair mhiontuairiscí agus cuntas ar adhmháil, caitheachas, sóchmhainní agus fiachaí an Chumainn. Beidh siad seo ar fáil don Chomhairle Ceantair agus don Ard Chomhairle le go ndéanfar iniúchadh orthu.

59. Ní féidir le hoifigeach de Chumann bheith ina reachtaire aige.

BUNREACTH AGUS RIALACHA

60. Ag deireadh gach mí, cuirfidh an rúnaí tuaraisc chuig an Chomhairle Ceantair ar ghníomhaíochtaí an Chumainn.

Ait nach mbíonn Comhairle Ceantair ann, cuirfear na tuaraisc chuig an Ard-Rúnaí san Ard Oifig.

61. CONSPÓIDÍ

Maidir le conspóidí i gCumann, nó idir Cumainn, nuair nach féidir leo siúd a bhfuil páirt acu ann teacht ar chomhréiteach, beidh ar an Chomhairle Ceantair réiteach a dhéanamh agus beidh ceart achomhairc don Ard Chomhairle acu ar mhaith leo é.

62. Is féidir le ball ar bith de Chumann a chreideas go bhfuil cinneadh ar bith den Chumann ag teacht salach ar phrionsabail, chuspóirí, nó polasaí na heagraíochta, ráiteas den chinneadh, sínithe ag an chathaoirleach, an rúnaí agus an agóideoir, a iarraidh a bheith curtha chuig an Chomhairle Ceantair le go ndéanfar machnamh air, agus ina dhiaidh sin beidh ceart achomhairc don Ard Chomhairle ann.

63. Tiocfaidh Cumainn agus Comhairlí Ceantair i ndúichí parlaiminte le chéile go míosúil nuair is féidir é fá choinne cúrsa léachtaí agus díospóireachtaí a mbeidh oifigeach Shinn Féin nó comhalta den Ard Chomhairle ina bhun.

64. Cuirfidh an Cumann tuaraiscí ráithe airgeadais chuig an Chomhairle Ceantair, nó áit nach bhfuil Comhairle Ceantair ann, díreach chuig an Ard Chomhairle.

65. Ní féidir le ball ar bith de Chumann nó de Chomhairle Ceantair dul i bhfiacha in ainm an Chumainn nó an Chomhairle Ceantair sin mura mbíonn cead roimh ré aige ó chruinniú de chuid an Chumainn nó an Chomhairle Ceantair atá i gceist.

ÓGRA SHINN FÉIN

66.

1. Rannóg oifigiúil na n-óg de chuid Sinn Féin atá in Ógra Shinn Féin. Is ceadmhach do gach éinne idir 16 agus 25 bliana, araon san áireamh, a aontaíonn le cuspóirí Shinn Féin a bheith ina bhall de. Is iad na rialacha agus na modhanna ceanann céanna is atá ag Sinn Féin atá i bhfeidhm ar Ógra Shinn Féin, mar atá i mBunreacht agus Rialacha Shinn Féin. Is Ard Fheis Shinn Féin an t-údarás bunaidh do Ógra Shinn Féin. Faoi smacht na hArd Chomhairle, freisin, atá Ógra Shinn Féin mar is amhlaidh le gach roinn eile náisiúnta de chuid Sinn Féin. Is ionann

cearta Ógra Shinn Féin agus cearta roinn eile de chuid Sinn Féin, maidir le cúrsaí ballraíochta agus a bheith i láthair ag Ard Fheiseanna agus ag cruinnithe speisialta. Tá gníomhaithe de chuid Ógra Shinn Féin freagrach ar an dul chéanna le baill eile de chuid Shinn Féin.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí Ógra Shinn Féin:

(i) An Óige a eagrú ar bhonn chuspóirí Shinn Féin.

(ii) Eolas ar pholasaithe agus ar phoiblíocht Shinn Féin a thabhairt don óige.

(iii) Ardán a thabhairt do phoblachtánaigh óga le dul i bhfeidhm ar pholaitíocht agus ar pholasaithe Shinn Féin.

(iv) Gluaiseacht éifeachtach is chruthaíoch a chur ar fáil don óige atá ag obair ar son saoirse na hÉireann agus an tsóisialachas.

3. Is é a bhéas in eagraíocht Ógra Shinn Féin:

a. Grúpaí ina mbeidh cúigear gníomhaí ar a laghd.

b. Coistí áitiúla sna háiteanna a bhfuil níos mó ná grúpa amháin ag feidhmiú; ar an gcoiste beidh beirt ionadaí ó gach grúpa.

c. Cúig Coiste na nÓg ann, ceann sna Sé Chontae, i Laighean, i gConnachta-Ulaidh, i mBaile Átha Cliath agus sa Mhumhain, le beirt ionadaí ortha ó gach coistí áitiúil. Beidh sé de dhualgas ar na coiste Cúige seo oibrithe lánaimseartha a thoghadh don choiste náisiúnta.

d. Coiste náisiúnta Ógra Shinn Féin ar a mbeidh oibrithe lánaimseartha tofa ó na coistí cúigí agus nach mbeidh níos mó ná ochtar air.

e. Freastalóidh ionadaí Ógra Shinn Féin mar bhreathnóirí ar chruinnithe de chuid na gComhairlí Cúige, an Ard Chomhairle agus an Choiste Seasta le go mbeidh Ógra Shinn Féin eolach ar chúrsaí an pháirtí agus go mbeidh comhoibriú éifeachtach eathurtha.

f. Nuair is féidir, ba chomhair do ghach Cumann ag Sinn Féin oifigeach óige a ainmniú le comhoibriú leis an grúpa áitiúil de Ógra Shinn Féin.

G. Leagfaidh Ógra Shinn Féin amach plan oibre do ghach mí i ngach bliain oibre. De réir sin déanfar béim a chur ar na himeachtaí náisiúnta don bhliain atá le teacht. Ba chomhair an plan seo dreachtaithe ag an coiste náisiúnta i gcomhair le gníomhairí uilig Ógra Shinn Féin. Agus sin déanta caithfear an plan a chur faoi bhráid na hArd Chomhairle.

*Eisithe ag Ard Oifig Shinn Féin,
44 Cearnóg Pharnell,
Baile Átha Cliath 1.
Guthán 8726932*

October 1999